


Obair Bhaile Gaeilge



Leabhar 20

Ainm _____ Rang _____

Gaelscoil Uí Néill



Obair Bhaile 1

Ag Bailiú Úll

D'amharc siad aníos ar an chrann a bhí chomh mór le teach. D'imigh daidí agus fuair sé an dréimire agus dhá bhosca mhóra. Chuir sé an dréimire suas leis an chrann úll.

"Cad chuige an dréimire?" arsa Liam.

"Rachaidh tusa suas air chun na húlla a bhailiú," arsa daidí.

"Nach mbeadh sé níos fusa na géaga a chroitheadh?" arsa Liam. "Thitfeadh na húlla agus ní bheadh le déanamh againn ach iad a bhailiú den talamh."

"Ní féidir sin a dhéanamh," arsa daidí, "mar bheadh na húlla go léir brúite."

"Cén dochar é sin?" arsa Liam.

"Ba mhaith linn na húlla a chur i dtaisce don gheimhreadh," arsa daidí. "Má bhíonn siad brúite lobhfaidh siad. Suas leat ar an dréimire anois, agus bain gach úll acu sin go cúramach."

"An gcaithfidh mé síos chugat iad ansin?" arsa Liam.

"Is cinnte nach gcaithfidh," arsa daidí. "Tabhair dom iad ina gceann agus ina gceann, agus cuirfidh mé sna boscaí iad."

Chuaigh Liam suas an dréimire agus thosaigh sé ag bailiú na n-úll.

"Bí cúramach," arsa daidí, "agus ná buail i gcoinne a chéile iad. Is furasta iad a bhrú."

Chuir daidí na húlla sna boscaí agus chuir sé féar tirim eatarthu i dtreo is nach mbuailfeadh siad ar a chéile.

Rinne Mamaí toirtín úll an lá dar gcionn agus is é a bhí go blasta.



Ceisteanna

1. Cén séasúr atá ann?
2. Cad chuige a bhfuil dréimire de dhíth?
3. Cad chuige nár mhaith le daidí an crann a chroitheadh?
4. Cad chuige ar chuir daidí na húlla go cúramach sa bhosca?
5. An síleann tú gur mhaith le Liam dul suas an dréimire?
6. Cad é rinne mamaí an lá dar gcionn?
7. Tá meancóg litrithe amháin san abairt seo thíos. Scríobh an abairt mar is ceart le líne faoin fhocal nach raibh litrithe mar is ceart.

Chuaigh Liam suas ar an dréimire agus tosaigh sé ag bailiú úll.

8. Tá meancóg phoncaíochta san abairt seo thíos. Scríobh an abairt mar is ceart le ciorcal thart ar an áit a raibh an mheancóg phoncaíochta.

D'amharc daidí ar an chrann agus dimigh sé leis an dréimire a fháil.

Obair Bhaile 2

Codladh Céad Bliain

Bhí rí agus banríon in Éirinn fadó agus bhí iníon óg acu. Bhí siad an-bhródúil aisti agus bhí cóisir mhór aici dá breithlá. Rinneadh dearmad cuireadh a chur chuig seansíog chrosta amháin agus bhí sí ar buile!

Chuir sí draíocht ghránna ar an chailín beag. Dúirt sí go bhfásfadh sí suas ina cailín álainn ach go bpriocfadh snáthaid dhraíochta a méar agus go bhfaighidh sí bás.

Bhí síog chineálta ag an chóisir fosta agus rinne sí iarracht an dochar a bhaint as an draíocht sin. Dúirt sí nach bhfaigheadh sí bás ach go dtitfeadh sí ina codladh. Póg ó phrionsa an rud amháin a mhúscloídh í.

Bhí tuismitheoirí an chailín iontach buartha fá dtaobh di. D'ordaigh an rí gach snáthaid a thógáil amach as an chaisleán. Níor smaoinigh duine ar bith ar an tuirne a bhí thuas i mbarr an chaisleáin. Lá amháin, chuaigh an banphrionsa suas ansin agus chonaic sí seanbhean ag sníomh.

An tseansíog ghránna a bhí ann i ndáiríre agus thug sí an roth don chailín. Phrioc an tsnáthaid dhraíochta méar an bhanphrionsa agus thit sí ina codladh bonn láithreach agus, ní amháin sin, thit gach ainmhí agus gach duine eile sa chaisleán ina gcodladh.

Níor chorraigh rud ar bith ar feadh na mblianta. D'fhás sceacha ar bhallaí an chaisleáin agus ní raibh duine ar bith ábalta dul isteach thar gheataí an chaisleáin. Lá amháin, tháinig prionsa thart ar a chapall. Shocraigh sé le dul isteach agus ghearr sé na sceacha lena chlaíomh. Nuair a shroich sé an clós, bhí iontas air na daoine a fheiceáil ina suí agus ina seasamh timpeall mar a bheadh dealbha ann.

Chuaigh sé suas staighre agus fuair sé an banphrionsa ina codladh ar tholg. Bhí sí chomh hálainn sin gur chrom sé a cheann agus gur thug sé póg ar a leiceann di. Bhí an draíocht briste agus mhúscail an cailín! Mhúscail gach duine eile ag an am céanna agus bhí cóisir mhór acu sa chaisleán. Phós an prionsa an cailín agus bhí saol sona sásta acu.



1. Cá raibh an rí agus an bhanríon ina gcónaí?
2. Cad é a rinne an tseansíog chrosta ar an chailín beag?
3. Cad é a rinne an tsíog chineálta le cuidiú leis an chailín óg?
4. Cad é an rud aisteach a chonaic an prionsa nuair a shroich sé an clós?
5. Cén dóigh ar mhúscail an prionsa an bhanphrionsa?
6. Cad é a bhí acu nuair a mhúscail gach duine?
7. Tá meancóg litrithe amháin san abairt seo thíos. Scríobh an abairt mar is ceart le líne faoin fhocal nach raibh litrithe mar is ceart.

Bhí rith agus banríon in Éirinn fadó agus bhí iníon óg acu.

8. Tá meancóg phoncaíochta san abairt seo thíos. Scríobh an abairt mar is ceart le ciorcal thart ar an áit a raibh an mheancóg phoncaíochta.

D'fhás sceacha ar bhallaí an chaisleáin.

Obair Bhaile 3

An Coinín

Tá an coinín le feiceáil i gcuid mhór áiteanna ar fud an domhain. Ná measc é suas leis an ghiorria é, tá an coinín níos lú ná é.

Ainmhí fionnaidh is ea an coinín ar a bhfuil cluasa fada agus ruball gearr clúmhach. Is giorra iad a chosa ná cosa an ghiorria agus ní ritheann sé ná siúlann sé cosúil le hainmhithe eile. Preabann sé ar a chosa deiridh – is faide agus is láidre iad sin ná a chosa tosaigh.



Nuair a thagann an coinín óg ar an saol, bíonn sé dall agus is beag a bhíonn sé ábalta a dhéanamh. Cónaíonn sé i bpoill sa talamh ar a dtugtar coinicéar. Clúdaítear an coinicéar le féar agus le fiailí. Nuair a thagann an geimhreadh, is minic a bhogann an coinín isteach in áit a thugann níos mó cosanta dó.

Itheann sé féar, duilleoga agus coirt na gcrann agus na dtor. Is minic a dhéanann sé damáiste do bharra. Bíonn na fiacra tosaigh géar agus siséalach.

Is é an duine an namhaid is mó atá ag an choinín. Maraíonn feirmeoir iad fosta chun a mbarra a cosaint. Níl an coinín ábalta é féin a chosaint go maith; ní minic a dhéanann sé troid le creachadóirí. Braitheann siad a lán ar a súile géara agus ar a gcluasa chun rabhadh a thabhairt dóibh go bhfuil siad i gcontúirt.

Ceisteanna

1. Cé acu is mó, an coinín nó an ghiorria?
2. An bhfuil fionnadh ar an choinín?
3. Ní shiúlann ná ní ritheann an coinín, cén dóigh a mbogann an coinín thart?
4. Ainmnigh trí rud a itheann an coinín?
5. Cad é a thugtar ar áit chónaithe an choinín?
6. Cad chuige a maraíonn an feirmeoir an coinín?
7. Tá meancóg litrithe amháin san abairt seo thíos. Scríobh an abairt mar is ceart le líne faoin fhocal nach raibh litrithe mar is ceart.

Tá an coinín le feiceáil ar chuid mhór áiteana ar fud an domhain.

8. Tá meancóg phoncaíochta san abairt seo thíos. Scríobh an abairt mar is ceart le ciorcal thart ar an áit a raibh an mheancóg phoncaíochta.

Itheann an coinín féar duilleoga agus coirt na gcrann.

Obair Bhaile 4

Mac Tíre! Mac Tíre!

Bhí buachaill ag aoireacht caorach ar chnoc in aice leis an bhaile mór oíche amháin. Bhí coill in aice leis an chnoc agus bhí a lán mac tíre ann.

Oíche amháin, bheartaigh an gasúr go n-imreodh sé cleas ar mhuintir an bhaile. I lár na hoíche, ghlaigh sé amach; “Mac tíre! Mac tíre! Tá an mac tíre ag marú na gcaorach!”

Léim na fir as na leabaí, thóg siad bataí chun an mac tíre a ruaigeadh agus rith siad leo go dtí an cnoc. Ach nuair a shroich siad an cnoc ní raibh aon mhac tíre ann. Is amhlaidh a bhí an buachaill ag briseadh a chroí ag gáire.

Bhí fearg mhór ar na fir, ní nach ionadh.


Seachtain ina dhiaidh sin, rinne an buachaill an rud céanna. “Mac tíre! Mac tíre! Níl mé ag amaidí an t-am seo!” ar seisean.

Ach ní raibh mac tíre ar bith ann, agus bhí an buachaill ag gáire arís. Ní nach ionadh, bhí na fir ar buile.

Seachtain ina dhiaidh sin, chuala na fir an buachaill ag scairt arís.

“Éist leis an amadán sin,” arsa siad, “ba mhaith leis cleas céanna a imirt orainn arís.” Agus ní dheachaigh duine ar bith acu go dtí an cnoc an oíche sin.

An lá dar gcionn, nuair a chuaigh siad go barr an chnoic, ní raibh an buachaill le feiceáil áit ar bith. Bhí fuil achan áit agus bhí trí chaora ar iarraidh. Is léir gur ghlaigh an buachaill bocht “Mac tíre!” uair sa bharraíocht.



1. Cad é an obair a bhí ag an bhuachaill?
2. Cad é a rinne na fir nuair a chuala siad an buachaill ag scairt den chéad uair?
3. Cad é mar a mhothaigh na fir nuair a fuair siad amach nach raibh ann ach cleas?
4. Ca chuige nár rith na fir amach an tríú huair nuair a chuala siad an buachaill ag scairt?
5. Cad é a tharla an oíche sin?
6. Cén sórt focail é *buachaill*?

ainmfhocal

briathar

aidiacht

réamhfhocal

7. Tá meancóg litrithe amháin san abairt seo thíos. Scríobh an abairt mar is ceart le líne faoin fhocal nach raibh litrithe mar is ceart.

Bhí buachaill ag aoireacht na gcaorach ithe amháin.

8. Tá meancóg phoncaíochta san abairt seo thíos. Scríobh an abairt mar is ceart le ciorcal thart ar an áit a raibh an mheancóg phoncaíochta.

“Éist leis an amadán,” arsa siad “ba mhaith leis cleas a imirt orainn arís.”

Obair Bhaile 5

An Giorria

Tá difríochtaí idir an coinín agus an giorria. Tá an giorria níos mó agus is faide a chosa ná cosa an choinín. Cónaíonn an coinín faoin talamh, i gcoinicéar, le coiníní eile. Maireann an giorria leis féin, de ghnáth. Tugtar leaba dhearg ar nead an ghiorria. Braitheann sé ar luas agus ar shúile géara chun éalú ó chontúirt.

Is luibhiteoir é an giorria. Itheann sé gach cineál plandaí. Cuireann sé isteach ar an fheirmeoir mar go n-itheann sé a bharra. Lorgaíonn sé bia san oíche agus ag breacadh an lae téann sé ar ais go dtí a leaba dhearg.

Fásann siad 64 cm ar fad. Tá dhá chineál giorria in Éirinn, an gnáthghiorria agus an giorria gallda. Tugtar patachán ar an cheann óg. Bíonn dhá phéire fiacla géara aige a chuidíonn leis glasraí a ithe agus coirt a bhaint de chrainn.

Is é ainm eile atá ar an ghiorria sa Ghaeilge ná Brian Bearnach.



Ceisteanna

1. Cad é a thugtar ar nead an ghiorria?
2. Cad é a itheann an giorria?
3. Cén t-am den lá a bhíonn sé amuigh de ghnáth?
4. Cad é an gnáthfhad de ghiorriacha?
5. Cén dóigh a gcuireann siad isteach ar fheirmeoirí?
6. Cad é an t-ainm ar ghiorria óg?
7. Tá meancóg litrithe amháin san abairt seo thíos. Scríobh an abairt mar is ceart le líne faoin fhocal nach raibh litrithe mar is ceart.

Tá an giorria níos mó ná an coinín.

8. Tá meancóg phoncaíochta san abairt seo thíos. Scríobh an abairt mar is ceart le ciorcal thart ar an áit a raibh an mheancóg phoncaíochta.

Is é ainm eile atá ar an ghiorria sa ghaeilge ná Brian Bearnach.

Obair Bhaile 6

Cros Bhríde

“Beidh clár na bpáistí ar an teilifís ar a ceathrú i ndiaidh a cúig,” arsa Liam, tráthnóna amháin.

“Tá sé beagnach leath i ndiaidh a cúig anois,” arsa mamaí, “cuir an teilifís ar siúl.”

“Níl an clár ar siúl go fóill,” arsa Úna, “níl ann ach Cros Bhríde.”

“An bhfuil a fhios agaibh cén dóigh ar tosaíodh ar Chros Bhríde a dhéanamh?” a d’fhiafraigh mamaí.

“Níl,” arsa Úna, “inis an scéal dúinn, le do thoil a mhamaí.”

“Bhuel, sin clár na bpáistí ar siúl anois,” arsa mamaí. “Is fearr daoibh amharc air agus beidh an scéal againn ina dhiaidh.”

Nuair a bhí deireadh le clár na bpáistí, d’inis mamaí an scéal seo do Liam agus d’Úna.


Bhí Naomh Bríd amuigh ag siúl lá nuair a chonaic sí teach beag ar taobh an bhóthair. Chuaigh sí isteach ann ach ní raibh duine sa teach ach seanfhear, agus bhí sé ag fáil bháis.

“An bhfuil cros ar bith sa teach agat?” arsa Bríd leis.

“Níl,” arsa an seanfhear.

Chuaigh Bríd amach agus bhain sí beart feagacha. Rinne sí cros díobh agus chuir sí an chros i láimh an fhir. Bhí an chros ina láimh aige go dtí go bhfuair sé bás.

“Agus is mar sin a tosaíodh ar Chros Bhríde a dhéanamh,” arsa mamaí.



Ceisteanna

1. Cad é a bhí na páistí ag iarraidh a fheiceáil ar an teilifís?
2. Cad é a bhí ar an teilifís roimh chlár na bpáistí?
3. Cad é a chonaic Naomh Bríd sa teach beag ag taobh an bhóthair?
4. Cad é an cheist a chuir Bríd ar an fhear tinn sa teach?
5. Cad é a d’úsáid Bríd le cros a dhéanamh?
6. Cén sórt focail é *cros*?

ainmfhocal

briathar

aidiacht

réamhfhocal

7. Tá meancóg litrithe amháin san abairt seo thíos. Scríobh an abairt mar is ceart le líne faoin fhocal nach raibh litrithe mar is ceart.

Tá sé beagnach leath inné a cúig anois.

8. Tá meancóg phoncaíochta san abairt seo thíos. Scríobh an abairt mar is ceart le ciorcal thart ar an áit a raibh an mheancóg phoncaíochta.

“An bhfuil cros ar bith sa teach agat!” arsa Bríd leis.

Obair Bhaile 7

An Fear Sneachta Uaigneach

Chuaigh Máire agus a deartháir Seosamh amach sa ghairdín chun fear sneachta a dhéanamh. Fuair Seosamh sluasaid sa chró agus fuair Máire sean-éadaí sa teach. Ní raibh sé fada go dtí go raibh fear sneachta déanta acu. Ghléas Máire é le seanhata dhaidí agus sean-scairf mhamáí. Ba bhreá an fear sneachta!

“Nach mór an trua é bheith chomh mall seo?” arsa Seosamh. “Caithfidh muid é a fhágáil amuigh anseo go dtí maidin amárach. Tá súil agam nach mbeidh sé uaigneach leis féin sa ghairdín.”

“Ar ndóigh, tiocfaidh muid amach ag súgradh leis arís go luath ar maidin. Seans go mbeidh sé fuar anocht i rith na hoíche.”

Nuair a chuaigh na páistí isteach sa teach tharraing an fear sneachta a scairf timpeall ar a mhuineál.

Leis sin, thug an fear sneachta faoi deara go raibh gaoth bheag ag súgradh sna crainn.

“Inseoidh mé scéalta iontacha duit,” arsa an ghaoth, “mar tá mé díreach i ndiaidh filleadh ó tír the – áit a bhfuil éanlaith ildaite, torthaí blasta agus páirceanna lán de bhláthanna áille.”

Nuair a bhí an ghaoth críochnaithe lena scéalta, lig an fear sneachta osna bhrónach agus d’fhiafraigh sé; “An dtiocfadh leat mé a thabhairt ansin?”


“Cinnté,” a d’fhreagair an ghaoth. “Tá mé ar mo bhealach ann anois go díreach. Druid do shúile agus gabh a chodladh. Fág fúmsa do thuras!”

Chodail an fear sneachta go sámh agus shéid an ghaoth. Shéid sí níos teo agus níos teo go dtí nach raibh fágtha den fhear sneachta ach a hata agus a scairf.

Bhí an-díomá ar Mháire agus ar Sheosamh ar maidin nuair a chonaic siad a bhfear bocht leáite.

“Tá sé imithe go dtí áit atá níos teo,” arsa Máire go brónach. “Ní raibh dúil aige san fuacht anseo.”

“Tá an ceart agat,” arsa an ghaoth go ciúin a bhí ag súgradh sna crainn.



1. Ainmnigh an bheirt pháistí sa scéal seo.
2. Cé leis an hata a chuir siad ar an fhear sneachta?
3. Cad chuige nach raibh na páistí ábalta fanacht amuigh le súgradh?
4. Cad chuige ar tharraing an fear sneachta a scairf timpeall air féin?
5. Cad chuige ar mhaith leis an fhear sneachta dul chuig an tír the?
6. Cad é a tharla don fhear sneachta?
7. Tá meancóg litrithe amháin san abairt seo thíos. Scríobh an abairt mar is ceart le líne faoin fhocal nach raibh litrithe mar is ceart.

Ní ró sé fada go dtí go raibh fear sneachta déanta acu.

8. Tá meancóg phoncaíochta san abairt seo thíos. Scríobh an abairt mar is ceart le ciorcal thart ar an áit a raibh an mheancóg phoncaíochta.

“An dtiocfadh leat mé a thabhairt ansin,” arsa an fear sneachta.

Obair Bhaile 8

Cuairt ar an Ospidéal

Chuaigh daidí, mamaí agus Úna go dtí an t-ospidéal le Liam a fheiceáil. Nuair a chuaigh siad isteach san halla mór d'fhiafraigh daidí den doirseoir cad é an barda ina raibh Liam.

"Tá sé i mbarda Naomh Íde," arsa an doirseoir. "Suas an staighre agus an chéad chasadh ar dheis."

"Go raibh maith agat," arsa daidí, agus d'imigh an triúr acu in airde an staighre.

Barda beag a bhí i mbarda Naomh Íde. Ní raibh ach ceithre leaba ann. Chonaic siad Liam ar leaba bheag sa choirnéal, bhí sé ina shuí agus a thae os a chomhair. Bhí áthas mór air mamaí, daidí agus Úna a fheiceáil.

"Tá cuma mhaith ort, a Liam," arsa daidí.

"Is mé atá go maith," arsa Liam, "ach amháin go bhfuil mo ghlúin beagáinín nimhneach agus gur mhaith liom rud blasta le hithe."

"Bhí an t-ádh ort nár briseadh do chos ar fad!" arsa mamaí.

"Amharc," arsa Úna, "tá páipéar grinn agam duit."

"Agus thug mise milseáin agus torthaí chugat," arsa mamaí.

"Ó, go raibh maith agaibh," arsa Liam.

Labhair siad tamall sular tháinig an bhanaltra isteach le rá go raibh sé in am dóibh bheith a imeacht. "Beidh Liam ag dul abhaile i gceann cúpla lá," ar sise.

"Is maith é sin," arsa daidí agus mamaí. "Tá súil agam go mbeidh tú cúramach as seo amach. Ná rith amach ar an bhóthar arís!"

"Ní rithfidh," arsa Liam.

D'fhág siad slán ag Liam agus chuaigh siad abhaile.



1. Cé a bhí san otharlann?
2. Cé a chuaigh ar cuairt chuige?
3. Cé a dúirt leo cá raibh Barda Naomh Íde?
4. Cá mhéad leaba a bhí i mBarda Naomh Íde?
5. Cad é a thug Úna do Liam?
6. Cad é a tharla do Liam a d'fhág go raibh air dul isteach san otharlann?
7. Tá meancóg litrithe amháin san abairt seo thíos. Scríobh an abairt mar is ceart le líne faoin fhocal nach raibh litrithe mar is ceart.


Thug mamaí milseáin agus tabharfaidh do Liam.

8. Tá meancóg phoncaíochta san abairt seo thíos. Scríobh an abairt mar is ceart le ciorcal thart ar an áit a raibh an mheancóg phoncaíochta.

D'fhág siad slán ag Liam agus chuaigh siad abhaile.

Obair Bhaile 9

Litir chuig Daidí na Nollag



A Dhaidí na Nollag
Tabhair féirín do Niamh
Carr beag do Chonall
Is trucail do Liam
Milseáin do Chaitlín
Is gunna do Niall
Bréagán do Neansaí
Is bábóg dom féin.



Ní bheidh muid crosta,
A Dhaidí mo ghrá
Ach beidh muid ag obair
Do Mhamáí gach lá
Rachaidh muid chun na scoile
Go soineanta sámh
Is ní bheidh muid ag troid
Na ag déanamh rí-rá.



Ceisteanna

1. Cad é ba mhaith le Niall don Nollaig?
2. Cad é ba mhaith leis an duine a scríobh an dán don Nollaig?
3. An mbeidh na páistí seo maith nó dalba do Mhamáí?
4. Faigh focal ón dán seo atá ar comhchiall le bronntanas.
5. Faigh dhá fhocal ón dán seo a dhéanann rím le chéile.
6. Cén sórt focail é *litir*?

ainmfhocal

briathar

aidiacht

réamhfhocal

7. Tá meancóg litrithe amháin san abairt seo thíos. Scríobh an abairt mar is ceart le líne faoin fhocal nach raibh litrithe mar is ceart.

Ní chuig liom fanacht go dtí an Nollaig.

8. Tá meancóg phoncaíochta san abairt seo thíos. Scríobh an abairt mar is ceart le ciorcal thart ar an áit a raibh an mheancóg phoncaíochta.

Ba mhaith liom thart fá míle bronntanas don nollaig!

Obair Bhaile 10

Brian Boirmhe

Bhí Brian Boirmhe ina Ardrí ar Éirinn nuair a tháinig na mílte Lochlannach isteach i gCuan Bhaile Átha Cliath. Tháinig siad ón Iorua, ón tSualainn agus ó Shasana ina longa móra. Bhailigh Brian a arm agus mháirseáil sé ó Cheann Cora go Baile Átha Cliath. Aoine an Chéasta, 1014, a troideadh an cath. Cath fuilteach a bhí ann, throid an dá arm go cróga. I ndeireadh an lae, bhí bua glan ag fórsaí an Ardrí.

Bhí Brian féin an-aosta ag an am seo agus chaith sé an lá go léir ag guí ina phuball. Tharla go raibh Lochlannach, darbh ainm Bruadar, ag gabháil thar a phuball agus chonaic sé an Rí ina aonar. Léim Bruadar isteach sa phuball agus mharaigh sé Brian lena tua catha. Mar sin a chaill an tír a hArdrí ach bhí deireadh go deo le Ré na Lochlannach in Éirinn. An méid sin a d'fhan sa tír, ghlac siad le teanga agus nósanna na nGael, agus rinneadh Éireannaigh díobh.



Ceisteanna

1. Cérbh é Ardrí na hÉireann ag an am seo?
2. Cén áit ar landáil na mílte Lochlannach?
3. Cá huair a bhí an cath ann idir na Lochlannaigh agus na hÉireannaigh?
4. Cad é a bhí Brian Boirmhe a dhéanamh le linn an chatha?
5. Cé a mharaigh Ardrí na hÉireann?
6. Cé a bhain an cath?
7. Tá meancóg litrithe amháin san abairt seo thíos. Scríobh an abairt mar is ceart le líne faoin fhocal nach raibh litrithe mar is ceart.

Léim Bruadar isteach sa phuball agus mharaigh sé Brian lena tuath catha.

8. Tá meancóg phoncaíochta san abairt seo thíos. Scríobh an abairt mar is ceart le ciorcal thart ar an áit a raibh an mheancóg phoncaíochta.


Ghlac na Lochlannaigh a d'fhan sa tír le nósanna na ngael.

Obair Bhaile 11

Ualach Aesop

Bhí Aesop ina chónaí sa Ghréig fadó. Ba sclábhaí é ach bhí sé an-chliste. Thóg sé tamall ar na hoibrithe eile a fheiceáil nárbh amadán ar bith é Aesop agus chruthaigh sé go minic dóibh cé chomh cliste is a bhí sé.

Tharla go raibh ar mháistir Aesop cúpla lá a chaitheamh as baile agus é ar cuairt go baile na hAithine. B'éigean dó cúpla sclábhaí a thabhairt leis chun éadaí, bia agus rudaí eile a iompar. Bhí Aesop ar dhuine de na sclábhaithe a roghnaíodh. Bhí ar na sclábhaithe an rud a bhí le hiompar aige a phiocadh agus bhí an chéad rogha ag Aesop mar b'fhear lag é. Bhí iontas an domhain ar na sclábhaithe eile nuair a roghnaigh sé an t-arán ar fad a iompar.



“Cén sórt amadáin tú?” a d'fhiafraigh duine acu.
“Roghnaigh tú an t-ualach is troime!”

“Is cuma,” arsa Aesop, “tá mise sásta é a iompar.”
Chroith a chara a cheann agus ní dúirt sé rud ar bith eile.

Nuair a bhí gach rud réidh thosaigh siad ar an turas. Bhí ualach Aesop an-trom ach ó bhí sé nua, ba chuma leis. Roghnaigh máistir Aesop áit oiriúnach champála agus leag na sclábhaithe uathu a n-ualaigh nuair a bhí siad ag ithe. Roinn Aesop cuid den arán ar na daoine uilig agus nuair a thosaigh an turas arís, bhí a ualach beagán níos éadroime.

Ag gach stop bia, fuair ualach Aesop níos éadroime agus níos éadroime. Ar an lá deireanach, nuair a bhí gach duine eile scriosta, ní raibh ach rud beag amháin le hiompar ag Aesop!

Thuig na sclábhaithe eile ansin cén fáth ar phioc Aesop an t-ualach ba throime ar dtús.

Ceisteanna

1. Cá raibh Aesop ina chónaí?
2. Cá raibh siad le dul ar turas?
3. Cad chuige a raibh sclábhaithe de dhíth don turas?
4. Cad é a phioc Aesop le hiompar?
5. Cad é a shíl na sclábhaithe eile de sin?
6. Cad chuige ar roghnaigh Aesop an rud ba throime?
7. Tá meancóg litrithe amháin san abairt seo thíos. Scríobh an abairt mar is ceart le líne faoin fhocal nach raibh litrithe mar is ceart.

Bhí gach duine eile scriosta ach ní raibh turse ar bith ar Aesop.

8. Tá meancóg phoncaíochta san abairt seo thíos. Scríobh an abairt mar is ceart le ciorcal thart ar an áit a raibh an mheancóg phoncaíochta.

Bhí Aesop ina chónaí sa ghréig fadó.

Obair Bhaile 12

Tús na Tána

Nuair a bhí Conchúr Mac Neasa ina Rí ar Chúige Uladh, bhí banríon ar Chonnachta darbh ainm Méabh. Bhí pálás aici i gCruachán, i gContae Ros Comáin.

Lá amháin, bhí Méabh agus a fear, Ailill, ag caint ar an saibhreas a bhí ag gach duine acu. Tharla go raibh tarbh breá ag Ailill agus nach raibh aon cheann chomh maith leis ag Méabh. Chuala sí, áfach, go raibh tarbh álainn ag Daire, feirmeoir i gCuailgne, i gContae Lú, tarbh a bhí chomh mór le cnoc.

Chuir Méabh teachtairí chuig Daire, ag iarraidh air an tarbh a thabhairt ar iasacht di ar feadh bliana. Dhiúltaigh Daire é sin a dhéanamh.


Chuir sí teachtairí arís chuige, a rá go ndíolfadh sí as an iasacht. Bhí Daire sásta an tarbh a thabhairt ar iasacht di, go dtí gur chuala sé na teachtairí ag caint eatarthu féin.

“Is maith an mhaise dó gur aontaigh sé an tarbh a thabhairt,” ara duine acu.

“Is maith,” arsa duine eile, “nó bheadh orainn é a thógáil uaidh le láimh láidir.”

Ní thabharfadh Daire an tarbh dóibh in aon chor i ndiaidh dó a leithéid de chaint a chloisteáil. Bhí Méabh ar buile agus bhailigh sí arm mór. Threoraigh sí an t-arm ó thuaidh go dtí gur shroich siad abhainn bheag i gContae Lú.

Tharla cogadh fíochmhar idir na Connachtaigh agus na hUltaigh ag áth ar an abhainn. Táin Bó Cuailgne a thugtar ar an chogadh sin.



Ceisteanna

1. Cérbh í Banríon Chonnachta nuair a bhí Conchúr ina Rí Uladh?
2. Cad é an rud a bhí de dhíth ar Mhéabh?
3. Cad é an t-ainm a bhí ar an feirmeoir in Uladh a raibh bó ollmhór aige.
4. Cad chuige nach bhfuair sí é?
5. Cé a thosaigh an cogadh idir Uladh agus Connachta?
6. Cad é an t-ainm a bhí ar an chogadh sin?
7. Tá meancóg litrithe amháin san abairt seo thíos. Scríobh an abairt mar is ceart le líne faoin fhocal nach raibh litrithe mar is ceart.

Chuala Méabh go raibh tarbh ealaín ag Daire in Uladh.

8. Tá meancóg phoncaíochta san abairt seo thíos. Scríobh an abairt mar is ceart le ciorcal thart ar an áit a raibh an mheancóg phoncaíochta.

“Is maith,” arsa duine eile “nó bheadh orainn é a thógáil le láimh láidir.”


Obair Bhaile 13

An tIasc Órga Míshona

Bhí Loinnir, an t-iasc órga, ag snámh timpeall ina bhabhla mór gloine. Bhí an babhla ar leac na fuinneog agus bhí Loinnir ábalta amharc amach an fhuinneog. Bhí Loinnir dúdóite den bhabhla agus iontach mí-shona.

“Tá mé tinn tuirseach ag snámh thart agus thart i gciorcail,” arsa Loinnir léi féin. “Nuair a bhím tuirseach, níl de rogha agam ach dul a chodladh sna fiailí ag bun an bhabhla.”

Leis sin, tháinig an cailín beag ar léi Loinnir amach sa ghairdín agus thosaigh sí ag cniotáil gúna dá bábóg.



“Is mór an trua nach cailín mise,” arsa Loinnir. “Ansin, bheinn ábalta dul amach ag súgradh am ar bith a ba mhaith liom.”

Leis sin, léim Dubhín, an cat, suas ar an fhuinneog agus sháigh sé a lapa síos sa bhabhla. Chuaigh Loinnir i bhfolach i measc na bhfiailí agus léim Dubhín anuas agus chuaigh sé amach sa ghairdín. Thosaigh sé ag súgradh le ceirtlín snáth an chailín bhig.

“Is mór an trua nach cat mise,” arsa Loinnir. “Ansin, thiocfadh liom a lán spóirt a bheith agam amuigh faoin spéir.”

Scanraigh an cat spideog a bhí ag cuardach bia sa ghairdín agus d’eitil sí suas sa chrann agus thosaigh sí ag ceol.

“Is mór an trua nach éan mise,” arsa Loinnir. “Ansin, bheinn ábalta bheith ag eitilt agus ag ceol go hard sa spéir.”

Leis sin, bhog scamall dorcha trasna na spéire agus chlúdaigh sé an ghrian. Thit braonacha troma fearthainne agus bhí an cailín fliuch sular shroich sí an teach. Is fuath le cait an fhearthainn agus dheifrigh Dubhín isteach sa teach. Stop na héin ar fad den cheol agus bhog siad isteach le chéile ar na craobhacha. Bhí siad an-ghruama mar bhí a gcleití fliuch báite.

Smaoinigh Loinnir uirthi féin agus í ag amharc orthu. “Is fuath leosan ar fad a bheith fliuch ach cad é a tharlódh domsa dá mbeinn tirim? Ar a laghad, faighim bia go rialta agus is iasc deas sleamhain mé i mbabhla compordach. Tá mé sábháilte ó Dhubhín Cat agus ní gá dom imní ar bith a bheith orm faoi ghrian ná faoi bháisteach. Sea, tá áthas mór orm anois gur iasc órga mé!”

1. Cén dóigh a raibh Loinnir ábalta amharc amach an fhuinneog?
2. Cad é dhéanann Loinnir nuair atá sí tuirseach?
3. Cad é an t-ainm atá ar an chat?
4. Cad chuige ar chuir an cat a lapa isteach san uisce?
5. Cad é a rinne an cat agus an cailín nuair a thosaigh an fhearthainn?
6. Bhí an t-iasc míshona ar dtús. Cad chuige a raibh sé sásta sa deireadh?
7. Tá meancóg litrithe amháin san abairt seo thíos. Scríobh an abairt mar is ceart le líne faoin fhocal nach raibh litrithe mar is ceart.

Bhí aon beag deas ag ceol sa chrann.

Obair Bhaile 14

Cú Chulainn agus Feardia

An uair sin throidfeadh laoch as arm amháin in aghaidh laoiach as an arm eile, go dtí go marófaí duine acu. Théadh fear eile isteach sa troid ansin, agus leanfadh siad de sin go dtí go mbeadh an bua ag arm éigin acu.

Nuair a shroich Méabh agus a cuid fear Contae Lú, tharla go raibh fir Uladh ar fad tinn, ach amháin Cú Chulainn. Bhí Cú Chulainn chomh láidir le 100 fear agus bhí air Contae Uladh a chosaint ina aonar.

Gach lá throideadh sé suas le céad Connachtach agus mharaíodh sé iad go léir. Ní raibh Méabh sásta leis sin, agus gheall sí duaiseanna do Chú Chulainn ach síocháin a dhéanamh. Níor ghlac Cú Chulainn leis na duaiseanna, ach rinne sé margadh léi.

“Cuir laoch amháin chun troid i m’éadan gach lá,” ar seisean.


“Tá mé sásta leis sin,” arsa Méabh.

I ndiaidh tamaill, áfach, ní raibh fágtha ag Méabh ach aon laoch amháin. Feardia an t-ainm a bhí air, ach níor mhaith leis troid in éadan Chú Chulainn, mar chaith an bheirt acu a n-óige le chéile.

Ach sa deireadh, d’aontaigh sé troid.

Throid siad go dian ar feadh trí lá, agus ar an cheathrú lá mharaigh Cú Chulainn Feardia. Ach nuair a chonaic Cú Chulainn go raibh a sheanchara ag fáil bháis tháinig brón mór air. Rug sé ar Fheardia, agus thug sé trasna na habhann é, i dtreo is go bhfaigheadh sé bás i gCúige Uladh.

Ansin chaoin Cú Chulainn a chara go brónach.



Ceisteanna

1. Cad chuige nach raibh fir Uladh ag troid?
2. Cad chuige a raibh Cú Chulainn ábalta an bua a fháil gach lá?
3. Nuair a mharaigh Cú Chulainn saighdiúirí Mhéibhe, cad é a rinne sí?
4. Cad é an t-ainm a bhí ar an laoch deireanach?
5. Cad é a rinne Cú Chulainn nuair a bhí Feardia ag fáil bháis?
6. Cad chuige ar chaoin Cú Chulainn go brónach?
7. Tá meancóg litrithe amháin san abairt seo thíos. Scríobh an abairt mar is ceart le líne faoin fhocal nach raibh litrithe mar is ceart.

Bhí Cú Chulainn chomh láidir le 100 fearr.


8. Tá meancóg phoncaíochta san abairt seo thíos. Scríobh an abairt mar is ceart le ciorcal thart ar an áit a raibh an mheancóg phoncaíochta.

“Tá mé sásta leis sin,” arsa méabh.

Obair Bhaile 15

Seangáin Iontacha

Tá breis agus 8000 speiceas difriúil de sheangáin ann. Tugann na tuismitheoirí aire don chlann, rud nach ndéanann feithidí eile. Bíonn siad á mbeathú, ag cuidiú leo agus á n-adhlacadh má fhaigheann siad bás. Ní bhíonn siad cineálta le seangáin nach cuid dá gclann féin iad, áfach. Déanann siad ionsaí ar neadacha eile agus goideann siad na huibheacha. Oibríonn na seangáin a thagann ar an saol mar sclábhaithe.



In aon nead amháin, gheofá thart ar 500 speiceas d'fheithidí eile, cuid acu a choinnítear mar pheataí. Is rud iontach ar fad é an dóigh a ndéileálann an seangán leis an chuileog ghlas. Bíonn siad faoi ghlas i gcró acu, cosúil le príosúnach. Tá an cró mór go leor le ligean don seangán dul isteach ach ró-bheag don chuileog ghlas dul amach. Cad é a dhéanann an seangán leis an chuileog ghlas? Tugann sé bia di sula dtosaíonn sé ar í a bhleán, is é sin, glacann sé bainne a coirp!

Ceisteanna

1. Cá mhéad speiceas difriúil de sheangáin atá ann?
2. Ainmnigh trí rud a dhéanann tuismitheoirí do na seangáin óga.
3. Cad é an rud dalba a dhéanann seangáin ar sheangáin eile?
4. Cad é a dhéanann an seangán don chuileog ghlas?
5. Cad chuige a ndéanann sé sin?
6. Cén sórt focail é *tugann*?

ainmfhocal

briathar

aidiacht

réamhfhocal

7. Tá meancóg litrithe amháin san abairt seo thíos. Scríobh an abairt mar is ceart le líne faoin fhocal nach raibh litrithe mar is ceart.

Tá an cró mór go leabhar le ligean don seangán dul isteach.

8. Tá meancóg phoncaíochta san abairt seo thíos. Scríobh an abairt mar is ceart le ciorcal thart ar an áit a raibh an mheancóg phoncaíochta.


Cad é a dhéanann an seangán leis an chuileog ghlas.

Obair Bhaile 16

An Eilifint

Is ainmhí an-mhór í an eilifint. Is í an t-ainmhí talaimh is mó ar an domhan í. Bíonn cosa láidre fúithi, cluasa móra uirthi, agus trunc fada aici a bhíonn ag luascadh anonn agus anall.

Is mór an áis don eilifint an trunc. Píocann sí duilleoga de na crainn agus den talamh leis. Nuair a bhíonn deoch uisce de dhíth uirthi, líonann sí an trunc le huisce, agus steallann sí an t-uisce siar ina scornach. Uaireanta, nuair a bhíonn an aimsir an-te, steallann sí uisce ar a droim chun í féin a dhéanamh fionnuar.



Tá a fhios ag an eilifint go bhfaigheadh sí bás muna mbeadh an trunc sin uirthi. Mar sin, tugann sé aire mhaith de, agus filleann sí suas é má shíleann sé go bhfuil sé i gcontúirt.

Ní bhíonn aon eilifint le fáil in Éirinn, ach amháin na cinn atá sna zúnna. San India agus san Afraic a bhíonn siad le fáil.

San India cuirtear an eilifint ag obair, tarraingíonn sí píosaí troma adhmaid ó áit go háit. Tá sí chomh láidir sin gur féidir léi cabhail crainn a iompar ina trunc. Nuair nach féidir léi teacht ar duilleoga crainn a bhíonn ró-ard, stróiceann sí an crann as an talamh lena cuid starrfhiacra. Ansin, itheann sí na duilleoga gan dua.

Déantar an eilifint a fhiach chun a cuid starrfhiacra a fháil. Is minic a bhíonn na starrfhiacra sin trí mhéadar ar fad. Faightear a lán airgid don eabhar as a bhfuil a starrfhiacra déanta ach anois táthar ag iarraidh stop a chur le fiach eilifintí.

Ceisteanna

1. Scríobh síos trí rud ar féidir leis an eilifint a dhéanamh lena trunc.
2. Cad é a dhéanann an eilifint má tá a trunc i gcontúirt?
3. Cad iad na tíortha a mbíonn an eilifint ina cónaí iontu?
4. Cá bhfuil eilifintí le fáil in Éirinn?
5. Cad é a itheann eilifintí?
6. Cad chuige a mbíonn daoine ag fiach eilifintí?
7. Tá meancóg litrithe amháin san abairt seo thíos. Scríobh an abairt mar is ceart le líne faoin fhocal nach raibh litrithe mar is ceart.

Is ainmhí an-mhór í an eilifint.

8. Tá meancóg phoncaíochta san abairt seo thíos. Scríobh an abairt mar is ceart le ciorcal thart ar an áit a raibh an mheancóg phoncaíochta.

Cónaíonn an eilifint san India nó san afraic.



Obair Bhaile 17

An Geimhreadh



Tiocfaidh an geimhreadh
Is séidfídh an ghaoth,
Lúbfaidh sé na géaga
Ach ní leagfaidh sé mé.

Feicfidh mé an tintreach
Is cuirfidh í orm scéin,
Cloisfidh mé an toirneach
Is ní chodlóidh mé néal.



Titfidh an bháisteach
Anuas go trom;
Beidh an fharraige dainséarach
Do bhád is do long.

Nuair a thitfidh an sneachta
Is nuair thiocfaidh an sioc;
Beidh mé fuar préachta
Ach éireoidh mé go moch.



D'imigh an geimhreadh
Dhúisigh an ghráinneog
Ghiorraigh an oíche
Is tá mé arís óg.



Ceisteanna

1. Cad é a dhéanann an ghaoth sa gheimhreadh?
2. Cad é a tharlaíonn do ghéaga na gcrann sa ghaoth?
3. An gcuireann toirneach agus tintreach eagla ar an fhile?
4. Cad chuige a bhfuil sé contúirteach ar an fharraige?
5. Ainmnigh ainmhí amháin atá luaite sa dán seo.
6. Cén sórt focail é *éireoidh*?

ainmfhocal

briathar

aidiacht

réamhfhocal

7. Tá meancóg litrithe amháin san abairt seo thíos. Scríobh an abairt mar is ceart le líne faoin fhocal nach raibh litrithe mar is ceart.

Bhí an geimhreadh thart dhúisigh an ghráinneog.

8. Tá meancóg foncaíochta san abairt seo thíos. Scríobh an abairt mar is ceart le ciorcal thart ar an áit a raibh an mheancóg foncaíochta.

Dimigh an geimhreadh agus dhúisigh an ghráinneog.

Obair Bhaile 18

An Langúr

Is é an langúr an moncaí is mó aithne air ón India. Tá sé ar aonmhéid leis an bhrocaire agus tá a ruball thart ar mhéadar ar faid. Nuair a bhíonn sé ag siúl, is nós leis comhartha ceiste a dhéanamh dá ruball.


Bíonn na langúir ag bogadh timpeall ina ngrúpaí móra agus déanann siad a lán damáiste do na bairr.

Dath dubh a bhíonn ar an langúr agus tugann an grúpa ar fad aire do na cinn óga. Bíonn siad ag deol a gcuid ordóg, idir béilí, díreach mar a bhíonn páistí daonna.

Fanann gach grúpa nó trúpa ina gceantar féin agus bíonn a gcrainn faoi leith acu le codladh iontu. Ní ligeann siad trúpaí eile in aice leo seo.

Is fuath leis an langúr na tíogair agus insíonn a scréacháil do na hainmhithe eile ar fad go mbíonn an tíogar thart.

Tá cineál amháin langúir ina chónaí go hard i sléibhte na Himiléithe agus bíonn cóta tiubh fionnaidh air seo. Tá cineál eile acu a mbíonn ciorcail bhána timpeall a chuid súl agus dath órga ar a pháistí.



Ceisteanna

1. Cad é an moncaí is mó aithne air ón India?
2. Cad é an fad de ruball an langúir?
3. Cad é an cruth a bhíonn ar ruball an langúir agus é ag siúl?
4. Cad é an dath atá ar an langúr?
5. Ainmnigh ainmhí amháin a bhfuil fuath ag an langúr dó.
6. Cad é a dhéanann na langúir uilig nuair a fheiceann siad tíogar?
7. Tá meancóg litrithe amháin san abairt seo thíos. Scríobh an abairt mar is ceart le líne faoin fhocal nach raibh litrithe mar is ceart.

Dath dom a bhíonn ar an langúr.

8. Tá meancóg phoncaíochta san abairt seo thíos. Scríobh an abairt mar is ceart le ciorcal thart ar an áit a raibh an mheancóg phoncaíochta.

Is é an langúr an Moncaí is mó aithne air ón India.

Obair Bhaile 19

An Chipmunc

Is iora talún é an chipmunc agus tá sé ar cheann de na hainmhithe is giongaí agus is áille dá bhfuil ann. Tá cóta stríocach air, ruball craobhach agus srón ghéar chun bia a aimsiú. Nuair nach mian leis bia a ithe, stóráilann sé é i bpócaí atá ina leicne agus cuireann sin cuma an-ghreannmhar air. Nuair a bhíonn a leicne pacáilte aige, ritheann sé leis abhaile, áit a stóráilann sé an bia don gheimhreadh fuar. Caitheann sé an geimhreadh ina pholl agus í ina chodladh nuair is measa a bhíonn an aimsir. Itheann sé sméara, cnónna, síolta agus grán.



San earrach, bíonn ceol mealltach na chipmunc óg fireann le cluinstin sna coillte agus iad ag tóraíocht céile. Tá an ceol seo cosúil le ceol éin.

Nuair a bhuaileann beirt acu le chéile, bíonn comhrá deas acu trína srón a chuimilt dá chéile. Is ainmhithe an-chairdiúla iad agus ní thógann sé ach cúpla lá orthu bia a thógáil as lámh dhuine.

Bíonn poll an chipmunc an-ghlan. Bíonn cúpla seomra ann, ceann acu an naíonra do na hóga. Tá sé slán sábháilte istigh ach tá a lán creachadóirí ag an chipmunc, mar shampla iolair, nathracha, béir agus madaí. Is ainmhithe an-fhiosracha iad agus is minic a fheictear é ag cuardach bia ó stórtha arbhair, i gcróite, i siopaí agus in amanna ar an bhord éan

Ceisteanna

1. Scríobh síos trí fhíric faoin chipmunc ón sliocht seo.
2. Cad é a dhéanann an chipmunc leis an bhia nuair nach bhfuil ocras air?
3. Cad é a dhéanann an chipmunc sa Gheimhreadh?
4. Scríobh síos dhá rud faoi dtaobh de pholl an chipmunc.
5. Cá háit a bhfaigheann an chipmunc a bhia?
6. Cén sórt focail é *stríocach*?

ainmfhocal

briathar

aidiacht

réamhfhocal

7. Tá meancóg litrithe amháin san abairt seo thíos. Scríobh an abairt mar is ceart le líne faoin fhocal nach raibh litrithe mar is ceart.

Nuair nár mhaith leis bia a oíche, stóráilann an chipmunc é ina leicne.

8. Tá meancóg phoncaíochta san abairt seo thíos. Scríobh an abairt mar is ceart le ciorcal thart ar an áit a raibh an mheancóg phoncaíochta.

Tá a lán creachadóirí ag an chipmunc, mar shampla iolair nathracha, béir agus madaí.

Obair Bhaile 20


An Colm Coille

Is minic a bhíonn an colm coille le cloisteáil i mbarr na gcrann ard. Is éan an-chúthail é agus ní maith leis daoine. Is éan réasúnta mór é, dath gormliath air agus marcanna leathana bána ar a mhuineál agus ar a sciatháin.

Fanann lánúin colm lena chéile ar feadh a saoil agus déanann siad nead gharbh ar bharr crainn aird. Ní bheireann an colm ach dhá ubh bhána ag an am céanna ach tógann siad dhá ál nó trí sa séasúr.

Itheann coilm gach cineál arbhair agus déanann siad a lán damáiste i bpáirceanna arbhair. Ní bhíonn cion ar bith ag feirmeoirí orthu. Feicfidh tú san fhómhar iad agus iad ina seasamh ar stocaí coirce, cornán nó cruithneachta.

Tá bealach an-ait ag coilm lena gclann a bheathú. Tugann siad 'bainne' dóibh as a mbia féin agus nuair a bhíonn siad níos sine tugann siad grán iomlán dóibh. An coileach a dhéanann an beathú.



Ceisteanna

1. Cad é an dath atá ar an cholm coille?
2. An maith leis an cholm daoine?
3. Cá háit a ndéanann sé cónaí?
4. Cá háit a ndéanann siad a nead?
5. Cá mhéad ubh a bheireann sí ag aon am amháin?
6. Cá mhéad ál a thógann sé sa séasúr?
7. Tá meancóg litrithe amháin san abairt seo thíos. Scríobh an abairt mar is ceart le líne faoin fhocal nach raibh litrithe mar is ceart.

Is minic a bhíonn an colum coille le cloisteáil i mbarr na gcrann ard.

8. Tá meancóg phoncaíochta san abairt seo thíos. Scríobh an abairt mar is ceart le ciorcal thart ar an áit a raibh an mheancóg phoncaíochta.

Ní Bheireann an colm ach dhá ubh bhána ag an am céanna.


Obair Bhaile 21

Boghdóireacht

Is sean-spórt é an boghdóireacht. Bhíodh Ríthe na Breataine an-tugtha di. An boghdóir ba cháiliúla ar fad ná Wilhelm Tell ón Eilvéis. Bhí cáil, fosta, ar Robin Hood Shasana agus is iomaí scéal a insítear fúthu beirt.

Úsáideadh an bogha i gcónaí chun seilge ach is mar spórt is mó a úsáidtear inniu é. Úsáidtear targaid ina bhfuil ‘an t-ór’ ina lár. Má aimsíonn tú é sin tá 9 bpointe buaite agat. Tá fáinní de dhathanna difriúla ina thimpeall sin agus an uimhir féin aige. Is fiú 7 bpointe an fáinne dearg, 5 an ceann gorm, 3 an ceann dubh agus ní fiú ach pointe amháin an ceann bán. Tá ainm ar leith ag gach cuid den bhogha agus den tsaighead.

Is as adhmaid, alúmanam nó gloine shnáithíneach a dhéantar bogha an lae inniu. Braitheann toisí agus meáchan an bhogha ar airde agus ar meáchan an bhoghdóra. Is é meánmheáchan an bhogha ná idir 20 agus 60 punt ach tá boghdóirí áirithe ann atá ábalta meáchan 200 punt a láimhseáil.



Ceisteanna

1. An spórt nua é boghdóireacht?
2. Cé a bhí tugtha don spórt fadó?
3. Ainmnigh beirt duine a bhfuil cáil orthu mar bhoghdóirí.
4. An mar spórt nó chun seilge a úsáidtear an bogha den chuid is mó na laethanta seo?
5. Cad é an t-ainm atá ar an targaid atá i lár bhord boghdóireachta?
6. Cá mhéad pointe a fhaigheann tú má aimsíonn tú an fáinne óir le saighead?
7. Tá meancóg litrithe amháin san abairt seo thíos. Scríobh an abairt mar is ceart le líne faoin fhocal nach raibh litrithe mar is ceart.

Braitheann toisí agus meáchan an bhogha ar airde agus ar meáchan an bhoghdóra.

8. Tá meancóg phoncaíochta san abairt seo thíos. Scríobh an abairt mar is ceart le ciorcal thart ar an áit a raibh an mheancóg phoncaíochta.

Is as adhmaid alúmanam agus gloine shnáithíneach a dhéantar bogha.

Obair Bhaile 22

Froganna Amaideacha

Fadó bhí dhá fhrog bheaga ina gcónaí sa tSeapáin. I ndíog, in aice baile cósta Osaka a bhí ceann acu agus tamall uaidh bhí an ceann eile ina chónaí i sruthán a bhí ag sní trí bhaile Kiótó. Níor bhuail an bheirt seo ar a chéile riamh agus ní raibh aithne acu ar a chéile.

Smaoinigh an dá fhrog seo gur mhaith leo an baile eile a fheiceáil! Maidin ghréine amháin, thug an bheirt acu aghaidh ar an bhóthar idir Osaka agus Kiótó. Ar ndóigh, thosaigh ceann acu ó Osaka agus ceann eile ó Kiótó agus b'éigean dóibh dul thar shliabh ard. Tharla go raibh an bheirt acu ag barr an chnoic ag an am céanna.

Bhí iontas an domhain ar an phéire an ceann eile a fheiceáil agus thosaigh siad ag caint. Ní fada gur inis siad dá chéile an fáth ar fhág siad an baile agus nárbh ait gurbh í an chúis chéanna í a bhí ag an bheirt.

"Is trua nach bhfuil muid níos airde," arsa Frog Kiótó. "Tá an áit seo chomh hard gur beagnach féidir linn an dá bhaile a fheiceáil as."


"Tá smaoineamh agamsa," arsa Frog Osaka. "Beirimis greim ar a chéile agus seasaimis ar ár gcosa deiridh. Ba cheart go mbeadh muid ábalta baile a chéile a fheiceáil."

Rinne na froganna seafóideacha dearmad nuair a sheas siad suas, gur i gcúl a gcinn atá a súile móra agus, cé go raibh siad ag amharc sa treo cheart, bhí siad ag amharc ar na bailte a d'fhág siad ar maidin!

"Nach aisteach é sin anois," arsa Frog Osaka. "Is mar a chéile díreach é Kiótó agus Osaka. Ní fiú é a fheiceáil. Rachaidh mise abhaile mar sin."

"Agus is mar a chéile Osaka agus Kiótó," arsa Frog Kiótó. "Ní bhacfaidh mé le dul ann!"

D'fhág siad slán ag a chéile agus thug siad aghaidh ar a mbaile agus iad cinnte go raibh an dá bhaile díreach cosúil lena chéile. Agus sin a chreid siad go deireadh a saoil!



Ceisteanna

1. Cén tír ina raibh an dá fhrog seo ina gcónaí?
2. Ainmnigh an dá bhaile ina ndearna siad cónaí?
3. Cad é a bhí idir an dá bhaile seo?
4. Cad é a ba mhaith leis an dá fhrog a dhéanamh?
5. Cá háit ar bhuail siad le chéile?
6. Cad chuige ar shíl an dá fhrog go raibh na bailte s'acu mar an gcéanna lena chéile?
7. Tá meancóg litrithe amháin san abairt seo thíos. Scríobh an abairt mar is ceart le líne faoin fhocal nach raibh litrithe mar is ceart.


Smaoinigh an dá fhrog seo gur mhaith leo an baile eile a fheiceáil.

Obair Bhaile 23

An Leipreachán

Tráthnóna amháin bhí Tomás Mac Ghiolla Phádraig ag siúl trína chuid páirceanna nuair a chuala sé torann ag teacht as an tor.

“Níor shíl mé go mbeadh an caislín cloch ag canadh chomh deireanach seo sa bhliain,” arsa Tomás leis féin agus d’éalaigh sé anonn go bhfeicfeadh sé é istigh sa tor. Nár mhór é a ionadh nuair a chonaic sé firín beag bídeach ina shuí ar stóilín istigh faoin tor. Bhí naprún leathair ar an fhirín agus bhí sé ag bualadh casúir ar bhróigín bheag. Anois agus arís stopadh sé agus d’óladh sé deoch as an chrúiscín a bhí lena ais. Leacht órga a bhí sa chrúiscín seo. Thuig Tomás ansin go raibh sé ag amharc ar leipreachán agus é ag obair go crua mar ghréasaí bróg!



“Mora duit, a dhuine uasail,” arsa Tomás agus é ag breith ar chóta an leipreacháin. “Cad é tá agat sa chrúiscín sin?”

“Beoir fraoigh,” arsa na leipreachán bocht agus é scanraithe. “Ar mhaith leat bolgam?”

Nuair a bhí Tomás ag déanamh ar an chrúiscín rinne an leipreachán iarracht éalú. Rug Tomás air ach dhoirt sé an bheoir. Dúirt Tomás go maródh sé é muna dtabharfadh sé pota óir dó.

Thug an leipreachán Tomás isteach i bpáirc a bhí lán le buachaláin bhuí. Shín an leipreachán ag planda amháin agus dúirt sé: “Cuardaigh faoin fhiaile agus gheobhaidh tú pota óir.”

Bhí a fhios ag Tomás go mbeadh air dul abhaile chun an spád a fháil agus cheangail sé a scairf dhearg timpeall ar an phlanda. Bhain sé geallúint den leipreachán nach mbainfeadh sé an scairf den phlanda. Gheall an leipreachán é sin dó.

“An bhfuil cead agam imeacht anois?” a d’fhiafraigh an leipreachán.

“Cinnté,” a d’fhreagair Tomás.

“Slán a Thomáis,” arsa an tsióg. “Tá siúl agam go mbainfidh tú taitneamh as an airgead nuair a ghéibheann tú é.” Bhailigh an leipreachán as radharc ansin.

Tháinig Tomás ar ais i ndiaidh tamaill agus an spád aige. Chuimil sé a shúile ach níor athraigh an radharc! Bhí scairf dhearg casta ar gach buachalán sa pháirc! Ní bhfuair Tomás aon seans eile chun an t-ór draíochta a fháil.

Ceisteanna

1. Cé a bhí ag siúl trína chuid páirceanna?
2. Cad é a shíl Tomás a bhí sa torann a chuala sé?
3. Cad é a chonaic sé ar a shiúlóid?
4. Cad é an rud a bhí de dhíth ar Thomás?
5. Cad é an cleas a d’imir an leipreachán ar Thomás.
6. Tá meancóg litrithe amháin san abairt seo thíos. Scríobh an abairt mar is ceart le líne faoin fhocal nach raibh litrithe mar is ceart.

Thig Tomás ansin go raibh sé ag amharc ar leipreachán.

Obair Bhaile 24

An t-Iolar

Ó thús ama tugadh Rí na n-Éan ar an iolar – éan mór láidir maorga.

Sé mhíle bliain ó shin bhí an t-iolar mar shiombail dá gcumhacht míleata ag na Suiméaraigh. Ó shin i leith, is beag impireacht nár bhain úsáid as an tsiombail chéanna. Mháirseáil léigiúin na Róimhe laistiar de phictiúr den iolar agus é á iompar ar chuailí arda. Iolar órga a lean trúpaí Napoleon agus an Eoraip á cloí aige. Inniu is é an suaitheantas na Stát Aontaithe ná an tIolar Maol. Bhí meas ag na Ceiltigh ar an iolar mara a bhainfeadh bradán as an fharraige lena chrúba. Sa tSean-Ghaeilge an focal a bhí ar bhradán ná eo, as a dtagann an focal eolas.

Baineann an t-iolar leis na seabhaic – Falconidae mar a thugann éaneolaithe orthu sa Laidin. Is é an t-iolar an t-éan is mó sa ghrúpa. Bíonn a ghob cuartha agus é ábalta gearradh leis. Is láidir iad an dá sciathán mhóra atá air. Meastar dá réir sin gur sealgairí cróga iad. Ní hamhlaidh i gcás an Iolair Mhaoil. Ní iolar róghrástúil é agus maireann sé ar éisc agus ar ainmhithe marbha.

Seachnaíonn an t-iolar dainséar; bíonn eagla air roimh dhaoine. Ní ionsóidh sé ach amháin dá rachfá róchóngarach dá nead. Bhuailfeadh sé lena chrúba ansin thú.

Tá thart ar 50 speiceas iolar ann. Is é an t-iolar fireann an ceann is breátha orthu, an t-aon cheann fiáin sna hoileáin seo. Méadar nó mar sin ar fad a bhíonn siad. Ar ghiorriacha, ar choiníní agus ar éin géim a mhaireann siad. Uaireanta ionsaíonn siad uainín nó oisín. Bíonn nead mhór ag an iolar fireann, de ghnáth ar thaobh sléibhe nó ar bharr aille.

Is féidir leis an iolar níos mó ná a mheáchan féin a iompar agus tá go leor scéalta faoi sin.

Scéal amháin ná gur rug iolar ar pháiste a bhí ag spraoi i gclós feirme an Trondheim na hIorua, seasca bliain ó shin. Iompraíodh an cailín breis agus ciliméadar ach toisc gur ar a gúna a rug a chrúba, níor gortaíodh í. D'éirigh sé tuirseach agus d'fhág sé ar chreig í. Lean a tuismitheoirí agus fuair siad í slán sábháilte, agus í ina codladh!

Meastar gurb ag an iolar agus ag an seabhac atá an radharc is fearr i measc na n-ainmhithe. Bíodh is gur ar dhá thaobh a chloiginn atá súile an Iolair, bíonn sé ábalta feiceáil roimhe.

Seo thíos fíricí suimiúla eile faoin iolar:

- Dúdhonn nó dubh a bhíonn an t-iolar de ghnáth ach paistí bána ar chuid acu.
- Maireann an t-iolar san fhiántas ar feadh 20 nó 30 bliain, nó suas le 50 i ngéibheann. Fanann an t-iolar dílis dá leathéan.
- Neadaíonn Iolair áirithe san Áise ar an talamh.
- Bíonn dhá ubh go minic ag iolar ach is minic nach maireann ach ceann den al.
- Tagann iolar amach roinnt laethanta roimh a dheartháirín, nó a dheirfiúirín, agus sciobann sé an bia go léir.
- I gcaitheamh an lae amháin a dhéanann sé seilg.
- Ní maol atá an t-iolar maol! Bíonn cuma mhaol air de bharr na gcleití bána ar a bhaithis.
- Maraíodh breis is 125,000 iolar maol idir 1917 agus 1952 chun an tionscal fionnaidh agus bradán a chosaint i Meiriceá.

Ceisteanna

1. Cad é a tugadh ar an iolar ó thús ama?
2. Cad é a thugtar ar an iolar sa Laidin?
3. Cén cruth a bhíonn ar ghob an iolair?
4. Cad chuige a mbíonn gob agus crúba géara ag an iolar?
5. Ainmnigh trí rud ón sliocht a itheann an t-iolar.
6. An bhfuil an t-iolar ábalta rudaí atá níos troime ná é féin a thógáil?
7. Cad é a rinne iolar leis an chailín a thóg sé seasca bliain ó shin san Iorua?
8. Cá mhéad den al a mhaireann de ghnáth?
9. An bhfuil an t-iolar Maol maol?
10. Cad chuige ar maraíodh an oiread sin d'iolair idir 1917 agus 1952?



